Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11780/25**

**COH 146**
**SOC 536**
**FIN 906**
**ECOFIN 1030**
**RECH 333**
**COMPET 763**
**TELECOM 253**
**CYBER 216**
**CLIMA 284**
**ENV 723**
**INDEF 77**
**POLMIL 223**
**CADREFIN 114**
**POLGEN 97**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Infheistíocht a dhéanamh in iomaíochas agus i gceannaireacht theicneolaíoch an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 421 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 421 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 421 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Infheistíocht a dhéanamh in iomaíochas agus i gceannaireacht theicneolaíoch an Aontais**

{SWD(2025) 194 final}

GA GA

# MEASTÓIREACHT EATRAMHACH AR AN ARDÁN UM THEICNEOLAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA DON EORAIP

## Infheistíocht a dhéanamh in iomaíochas agus i gceannaireacht theicneolaíoch an Aontais

Tuarascáil ón gCoimisiún
chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

**Sa tuarascáil seo tugtar meastóireacht eatramhach ar chur chun feidhme an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[1] go dtí mí an Mhárta 2025.** Bunaíodh STEP i mí an Mhárta 2024 mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, **agus is príomhghné é STEP de fhreagairt an Aontais ar na dúshláin atá ag dul i méid dá cheannaireacht theicneolaíoch agus dá athléimneacht thionsclaíoch**. Ní clár cistiúcháin nua é STEP, rud a chuireann leis an tírdhreach cistiúcháin atá casta cheana[2]. **Is ardán comhordúcháin nuálach é**, lena stiúrtar infheistíochtaí an Aontais **ar fud 11 chlár cistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana**[3] chun tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha criticiúla i dtrí earnáil — teicneolaíochtaí digiteacha agus doimhne, teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus bith-theicneolaíochtaí — lena ndírítear freisin ar ghanntanais oibrithe oilte. Tá cur chun feidhme STEP ag brath ar infheistíochtaí a chomhtiomsú faoi chistí atá ann cheana, lena ndámhtar **Séala (Ceannasachta) STEP[4]** ar thionscadail ardcháilíochta agus lena gcuirfear ar fáil **Tairseach (Ceannasachta) STEP[5] chun rochtain a éascú ar chistiú le haghaidh tionscnóirí tionscadail.** Tacaíonn STEP le raon leathan tairbhithe, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta, institiúidí taighde agus gníomhaithe tionsclaíocha, chun cuidiú leo teicneolaíochtaí straitéiseacha a bhfuil **ardacmhainneacht nuálaíochta** acu a fhorbairt agus a mhéadú nó a bhfuil sé ar a gcumas dóibh **spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú**.

**Tá an mheastóireacht eatramhach seo maidir le cur chun feidhme STEP á glacadh ag an gCoimisiún Eorpach mar a cheanglaítear faoi Airteagal 8 de Rialachán STEP[6].** Cé gur foilsíodh í ag céim luath de chur chun feidhme STEP — róluath le haghaidh meastóireacht tionchair iomlán — is é is aidhm leis an tuarascáil seo ceachtanna tosaigh luachmhara a bhaint amach. Tá sé beartaithe leis na léargais sin bonn eolais a chur faoin bplé ar chláir chaiteachais a bheidh ann amach anseo faoin gcéad CAI eile, mar a bheartaítear sa Rialachán. I gcomhréir le ceanglais an chreata um Rialáil Níor Fearr, déantar measúnú sa mheastóireacht eatramhach ar an gcaoi a bhfuil a chuspóirí á mbaint amach ag STEP, ar bhonn na fianaise atá ar fáil go dtí seo. Déanann sé amhlaidh trí na cúig chritéar meastóireachta a mheas, ar critéir iad a bhaineann le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Eorpach. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo, soláthraítear tuilleadh fianaise agus cúlra, ag tógáil ar thacar leathan foinsí fianaise, lena n-áirítear glao tiomnaithe ar fhianaise, misin spriocdhírithe for-rochtana chuig na Ballstáit, agus malartuithe le húdaráis náisiúnta, ionadaithe tionscail, agus institiúidí taighde.

**Fuarthas amach sa mheastóireacht go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le hacmhainní cistiúcháin an Aontais a stiúradh chun cuspóirí straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn.** Tá gníomhaíocht déanta ag na Ballstáit chun tosaíochtaí STEP a chomhtháthú ina gcláir beartais chomhtháthaithe, agus **tá thart ar EUR 6,3 billiún slógtha cheana** le

---

[1] Féach An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip - An tAontas Eorpach (STEP).

[2] Ní dhéantar foráil i Rialachán STEP maidir le haon leithdháileadh airgeadais breise le haghaidh STEP, cé is moite d'atreisiú spriocdhírithe EUR 1,5 billiún don Chiste Eorpach Cosanta le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le STEP.

[3] An Ciste don Nuálaíocht, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an Ciste Eorpach Cosanta, Fís Eorpach, EU4Health, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Comhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus InvestEU.

[4] Féach Séala (Ceannasachta) STEP.

[5] Féach Tairseach STEP (Ceannasachta).

[6] Ceanglaítear le Rialachán STEP (Airteagal 8) go dtabharfar meastóireacht eatramhach i gcrích faoi mhí na Nollag 2025.

haghaidh chuspóirí STEP[7]. Ag an am céanna, faoi chláir chistiúcháin an Aontais atá á mbainistiú ag an gCoimisiún, **slógadh thart ar EUR 9,5 billiún trí ghlaonna spriocdhírithe,** agus dámhadh os cionn EUR 5,1 billiún cheana ar thionscadail roghnaithe. Ina theannta sin, bronnadh **190 Séala STEP** ar thionscadail ardcháilíochta a bhfuil luach straitéiseach ag baint leo don Aontas[8]. Cé go bhfuil sé **róluath measúnú iomlán a dhéanamh** agus go bhfuil **roinnt castachtaí tagtha chun cinn** maidir lena chur chun feidhme, tugtar le fios le luath-tháscairí **go bhfuil STEP ag stiúradh acmhainní cistiúcháin an Aontais atá ann cheana go héifeachtach i dtreo earnálacha criticiúla** atá ríthábhachtach do cheannasacht theicneolaíoch na hEorpa.

**Tá an tuarascáil seo struchtúrtha mar a leanas.** I Roinn 1 déantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le STEP a chur chun feidhme, agus dírítear ann ar thorthaí nithiúla a baineadh amach ar an láthair. I Roinn 2 breathnaítear ar an méid a d'oibrigh go maith agus ar an méid a d'fhéadfaí a fheabhsú, agus sainaithnítear na príomhcheachtanna a foghlaimíodh go dtí seo. Tugtar achoimre agus cuirfear conclúidí in iúl i Roinn 3, agus tugtar aghaidh ar an mbealach chun cinn.

## 1. Tá cur chun feidhme rathúil STEP faoi lán seoil

**Rinneadh STEP a chomhtháthú i gcur chun feidhme cúig chlár de chuid an Aontais atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún: Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht[9], an Ciste Eorpach Cosanta, an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus EU4Health.** Faoi mhí an Mhárta 2025, seoladh 60 glao ar thograí atá ábhartha do STEP agus dhá ghlao ar thairiscintí ar fud na gclár sin, rud a bhí ag teacht le cuspóirí STEP — dar luach EUR 9,5 billiún san iomlán de chistiú. B'ionann na glaonna faoin gCiste don Nuálaíocht, lena dtacaítear le teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus an sciar is mó. I measc na rannchuidithe suntasacha eile bhí glao tiomnaithe na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí ar 'uas-scálú' STEP, lena gcuirtear infheistíochtaí cothromais amháin ar fáil d'iarratasóirí rathúla. Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2025, bhí thart ar EUR 5,2 billiún leithdháilte cheana ar thionscadail roghnaithe ar fud na dtrí earnáil straitéiseacha a sainaithníodh faoi STEP, agus slógadh formhór na n-acmhainní i dtreo teicneolaíochtaí glana. B'ionann tacaíocht d'fhorbairt scileanna agus EUR 53 mhilliún, a bronnadh faoin gClár don Eoraip Dhigiteach chun tacú le hardscileanna digiteacha i dteicneolaíochtaí criticiúla.

**Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach sna Ballstáit chun STEP a chur chun feidhme trí bheartas comhtháthaithe an Aontais.** Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2025, bhí suim shuntasach léirithe ag na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a úsáid chun tacú le tosaíochtaí STEP. Chuir an Coimisiún 38 leasú ar chláir an bheartais comhtháthaithe isteach agus d'fhormheas sé a leasuithe sin chun EUR 6,3 billiún a ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí tiomnaithe STEP. Bhain na leasuithe sin le cláir ó 11 Bhallstát[10], go sonrach faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC). Is ionann infheistíochtaí i bhforbairt

[7]Amhail ón 31 Márta 2025, bhí 38 leasú ar an gclár beartais comhtháthaithe a bhaineann le STEP formheasta ag an gCoimisiún in 11 Bhallstát.

[8] Áirítear leis sin 11 Shéala STEP a bronnadh faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach an 3 Aibreán 2025.

[9] Maoinítear an ciste trí ioncam a ghintear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais.

[10] An Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Rómáin, an Iodáil, an Spáinn, an Danmhairg, an Ísiltír, an Ostair agus an Pholainn.

scileanna — cuid riachtanach de chuspóirí STEP — agus thart ar 15 % den leithdháileadh[11]. Ina theannta sin, sheol Ballstáit roghnaithe[12] glaonna ar thograí dar luach EUR 2 bhilliún lena ndírítear ar infheistíochtaí a bhaineann le STEP, agus EUR 148 milliún leithdháilte cheana ar thionscadail iarbhír agus níos mó leithdháiltí le déanamh de réir a chéile sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Na figiúirí a thuairiscítear ó dheireadh mhí an Mhárta 2025 maidir le leithdháiltí agus cistiú arna ndámhachtain ar infheistíochtaí STEP — lena n-áirítear acmhainní arna leithdháileadh nó arna ndámhachtain ar infheistíochtaí i bhforbairt scileanna a rannchuidíonn le cuspóirí STEP a bhaint amach — ba cheart iad a thuiscint mar léargas i bpróiseas leanúnach. Is féidir coinne a bheith leis go leanfaidh níos mó tionscnamh atá dírithe ar scileanna de réir mar a leanann cur chun feidhme STEP ar aghaidh. Ag cur leis na torthaí sin, tá na hacmhainní airgeadais sainaitheanta a leithdháiltear ar chuspóirí STEP fós le baint amach i maoiniú tionscadal iarbhír sna hearnálacha teicneolaíochta spriocdhírithe. I gcás inar roghnaíodh na tionscadail cheana lena gcistiú faoi ghlaonna ar thograí atá ábhartha do STEP, **táthar ag súil go gcuirfear chun feidhme iad sna blianta amach romhainn**. **Cuireann sé sin teorainn leis an bhféidearthacht atá ann faoi láthair measúnú a dhéanamh ar rath STEP maidir le tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha.**

**Ó mhí an Mhárta 2025 ar aghaidh, ní raibh leasuithe ar a phleananna téarnaimh agus athléimneachta curtha isteach ag aon Bhallstát chun tosaíochtaí sonracha STEP a chur leis,** agus níor roghnaigh aon Bhallstát acmhainní na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a aistriú chuig urrann na mBallstát InvestEU go sonrach le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le STEP[13][14]. . Is féidir é sin a mhíniú le **srianta uainiúcháin**, agus tugadh STEP isteach níos mó ná leath bealaigh trí sceideal cur chun feidhme na saoráide téarnaimh agus athléimneachta.

**Chun infheictheacht a mhéadú agus maoiniú malartach carnach a éascú do thionscadail, tá 190 Séala (Ceannasachta) STEP bronnta ag an gCoimisiún go dtí seo.** Tá Séala STEP ceaptha aitheantas a thabhairt do thionscadail ardcháilíochta agus ailínithe le cuspóirí STEP, bíodh cistiú faighte acu nó ná bíodh (go minic mar gheall ar chistiú foriomlán neamhleor a bheith ar fáil). Níl aon ráthaíocht sa Séala ann féin go gcuirfear cistiú malartach nó carnach ar fáil: **ó dheireadh mhí an Mhárta 2025, bhí ar thionscadail Shéala STEP cistiú a fháil go fóill** ó acmhainní bheartas comhtháthaithe an Aontais nó faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, níor bronnadh na chéad Séalaí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024, rud a chiallaíonn go bhféadfadh glacadh leo tarlú fós sna míonna amach romhainn.

**Ghníomhaigh Tairseach (Ceannasachta) STEP, a seoladh i mí Aibreáin 2024, mar mhol aonair ar líne le haghaidh faisnéise maidir le deiseanna cistiúcháin agus infheistíochta a**

[11] Níl cuntas ar phointe sonraí ach amháin le haghaidh cláir ag a bhfuil aiseanna tosaíochta tiomnaithe STEP nó méideanna aitheanta atá tiomnaithe do STEP.

[12] An Ghearmáin, an Danmhairg, an Iodáil, an Laitvia agus an Rómáin.

[13] Mar sin féin, rannchuidigh ocht mBallstát (an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Ghréig, Málta, an Rómáin, an Spáinn agus an Phortaingéil) lena n-urranna Ballstáit InvestEU, agus bhain cúig cinn acu úsáid as acmhainní na saoráide téarnaimh agus athléimneachta, le haghaidh cuspóirí sonracha neamh-STEP.

[14] Ceadaítear do na Ballstáit 6 % dá n-acmhainní RRF a leithdháileadh ar urrann an Bhallstáit InvestEU le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí atá ábhartha do STEP. Tá sé sin sa bhreis ar an rogha atá ann cheana suas le 4 % de chistí na saoráide téarnaimh agus athléimneachta a aistriú chuig InvestEU chun críocha níos leithne, rud a chumasaíonn aistriú comhcheangailte suas le 10 %. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin tionscadail dá ndámhtar Séala STEP a mheas mar thosaíocht agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Thairis sin, ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit araon Séala STEP a mheas i gcomhairliúcháin maidir le hinfheistíochtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (príomh-chomhpháirtí InvestEU) agus le linn seiceálacha beartais ar infheistíochtaí arna ndéanamh ag comhpháirtithe cur chun feidhme eile de chuid InvestEU.

**bhaineann le STEP.** Ó dheireadh mhí an Mhárta 2025, liostaíodh os cionn [70 glao ar thograí] ar an tairseach, ar fud foinsí iomadúla cistiúcháin (beartas comhtháthaithe, cláir de chuid an Aontais arna mbainistiú ag an gCoimisiún etc.). Tá [léarscáil ar Thairseach STEP ina bhfuil forléargas ar leasuithe ar chláir an bheartais chomhtháthaithe a glacadh] agus [bunachar sonraí poiblí de thionscadail ar bronnadh Séala STEP orthu], rud a mhéadaíonn trédhearcacht agus a chuireann acmhainn ar fáil d'infheisteoirí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear údaráis bhainistíochta chistí an Aontais sna Ballstáit. Tá ullmhúcháin theicniúla ar siúl chun ionsamhlóir atá cumhachtaithe ag IS agus bota comhrá a chomhtháthú chun cabhrú le tionscnóirí tionscadail deiseanna oiriúnacha cistiúcháin ón Aontas a shainaithint.

Agus aghaidh á tabhairt ar an dúshlán a bhaineann le STEP a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach ar fud 11 chlár éagsúla de chuid an Aontais, **cruthaíodh raon sásraí comhordúcháin**. Ar an gcéad dul síos, **bunaíodh líonra de phointí teagmhála náisiúnta STEP, agus cheap na Ballstáit uile ionadaithe[15].** Tháinig an líonra le chéile cúig huaire idir 2024 agus tús 2025, lenar cuireadh fóram ar fáil chun taithí a mhalartú, dea-chleachtais a chomhroinnt, agus gnéithe rialála agus oibríochtúla de chur chun feidhme STEP a shoiléiriú. Ar an dara dul síos, tagann **líonra idirsheirbhíse de chuid an Choimisiúin** ina bhfuil 14 Ard-Stiúrthóireacht[16] le chéile go rialta chun ailíniú a dhéanamh ar thosaíochtaí cistiúcháin, treoir oibríochtúil agus dea-chleachtais a chomhroinnt, agus maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

**Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún roinnt doiciméad treorach**, lena n-áirítear Treoirnóta foirmiúil maidir le raon feidhme STEP[17], bróisiúr tiomnaithe do NCPanna agus d'údaráis bhainistíochta, agus fógra nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta a leasú chun tosaíochtaí STEP a ionchorprú. Go dtí seo, tá misin theicniúla déanta ag an gCoimisiún chuig naoi mBallstát (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Rómáin, an tSlóivéin, an Phortaingéil agus an Ghréig) chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí náisiúnta cur chun feidhme.

## 2. Tá STEP in áit mhaith chun tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas, cé go bhfuil bacainní fós ar chur chun feidhme

**Tá ról nithiúil ag STEP maidir le cláir chistiúcháin an Aontais a dhíriú i dtreo teicneolaíochtaí straitéiseacha — mar sin féin, cuireann dúshláin shistéamacha teorainn le leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht**. Spreag STEP na hionstraimí atá ann cheana **a chomhordú** agus iad a stiúradh i dtreo teicneolaíochtaí criticiúla sna réimsí digiteacha agus doimhne, glana agus bith-theicneolaíochta, agus acmhainní suntasacha airgeadais á n-athdhíriú laistigh de thréimhse ghearr. Mar sin féin, cuireann iliomad agus éagsúlacht chláir

[15] Amhail ón 31 Márta 2025, ní raibh ach Éire fágtha le NCP a cheapadh.

[16] Ionadaithe na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide; An Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht; Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta; An Ard-Stiúrthóireacht um an Tionscal Cosanta agus an Spás; Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais; An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú; An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide; an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandálaí Sláinte; an tSeirbhís Dlí; Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh; An Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht; An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia; an Ardrúnaíocht; agus an Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht.

[17] Teachtaireacht C/2024/3209 ón gCoimisiún, Treoirnóta maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/795 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), 2024, atá ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/3209/oj.

chistiúcháin an Aontais faoi STEP agus a dearadh roimh STEP a bhunú — a bhfuil critéir incháilitheachta, nósanna imeachta iarratais, amlínte agus rátaí cómhaoinithe ar leith ag gach ceann acu — srian ar luas agus ar cháilíocht chur chun feidhme STEP, rud a chuireann teorainn lena thionchar foriomlán ar deireadh.

**Cé gur chuir Séala STEP feabhas ar infheictheacht na dtionscadal, tá a thionchar ar ghlacadh cistiúcháin fós le bunú**. Is é is cúis leis sin **fadhbanna uainiúcháin**[18] **agus bacainní praiticiúla.** Léiríonn dáileadh réigiúnach reatha Shéalaí STEP a bronnadh ar fud na mBallstát comhchruinniú coibhneasta sna réigiúin níos forbartha san Aontas. D'fhéadfadh na tionscadail ar bronnadh Séala STEP orthu atá lonnaithe i réigiúin 'lagfhorbartha' agus 'trasdula', i bprionsabal, tairbhe a bhaint as sciar níos mó d'acmhainní an bheartais chomhtháthaithe. Tá sé deacair acmhainní airgeadais ó ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a chomhcheangal sa chleachtas toisc go n-oibríonn siad faoi rialacha éagsúla, lena n-áirítear modhanna measúnaithe éagsúla le haghaidh costais incháilithe. Thairis sin, ní hionann an chaoi a gcaitear le státchabhair le tionscadail STEP ag brath ar an gcineál tionscadail — ní bhaineann tionscadail a chumhdaítear le Rialachán STEP ach tairbhe as córas fabhrach teoranta[19], — toisc a thug roinnt údarás náisiúnta faoi deara, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé teorainn lena dtoilteanas cistiú a sholáthar. Ar deireadh, mar gheall ar chineál tionscadal Séala STEP áirithe, a bhfuil cuibhreannais mhóra thrasnáisiúnta i gceist leo, tá sé níos casta iad a ghlacadh toisc go mbeadh tacaíocht chomhuaineach ó roinnt údarás bainistíochta ag teastáil ina leith.

**D'éirigh le Tairseach STEP rochtain shimplithe ar fhaisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin a thairiscint mar phointe iontrála aonair.** Mar sin féin, braitheann a chuid oibríochtaí ar chórais iarratais ar leithligh. Tá coinne leis go gcuirfidh feabhsuithe atá beartaithe, amhail ionsamhlóir atá cumhachtaithe ag IS a fhorbairt, tuilleadh feabhais ar a éifeachtacht. Tá faisnéis maidir le deontais agus gníomhaíochtaí soláthair faoi chláir atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún ar fáil ar an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'. Go dtí seo, áfach, níl aon phointe iontrála aonair ann a thaispeánann na deiseanna cistiúcháin arna maoiniú ag buiséad an Aontais agus arna mbainistiú ag comhpháirtithe cur chun feidhme, ag na Ballstáit agus ag údaráis réigiúnacha.

**Chuir STEP feabhas ar chaiteachas an Aontais ar teicneolaíochtaí criticiúla i gcomparáid leis an gcéad leagan amach den CAI, ach cuireann difríochtaí struchtúracha idir cláir cosc fós ar chur chuige lán-chomhtháite ar mhaithe le tionscnóirí tionscadail**. Mar shampla, chuir roinnt Ballstát samplaí i láthair de thionscadail ar bronnadh Séala STEP orthu faoin gCiste don Nuálaíocht ach a d'fhéadfadh a bheith neamh-incháilithe do thacaíocht ó CFRE agus ó CUAC mar gheall ar fhorálacha rialála[20] — i mbunúis dlí na gcistí — lena gcuirtear cosc ar a n-úsáid chun suiteálacha a chumhdaítear leis an gCóras Trádála Astaíochtaí a mhaoiniú[21].

[18] Níor bronnadh na chéad Séalaí STEP ach i dtreo dheireadh na tréimhse meastóireachta.

[19] I mí an Mheithimh 2024, leasaigh an Coimisiún na Treoirlínte maidir le Státchabhair réigiúnach chun na huasdéiní cabhrach a ardú i limistéir fóirithinte le haghaidh tionscadail a thagann faoi raon feidhme STEP — féach EUR-Lex - 52024XC03516 - GA- EUR-Lex.

[20] Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus Airteagal 9 agus Airteagal 11(2), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 June 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir.

[21] An 1 Aibreán 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún togra reachtach ina raibh leasuithe spriocdhírithe ar an gcreat rialála do chistí an bheartais chomhtháthaithe, lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise a cheadú, in oibríochtaí a fuair Séala STEP faoin gCiste don Nuálaíocht agus tuilleadh tacaíochta ó CFRE do thionscadail dícharbónaithe ar dámhadh Séala STEP orthu (e.g. faoin gCiste don Nuálaíocht) — ar fáil ag Inforegio — Beartas comhtháthaithe nuachóirithe:An t-athbhreithniú meántéarma.

Le neamhréireachtaí den sórt sin, laghdaítear acmhainneacht STEP gníomhú mar nasc rianúil idir na modhanna bainistíochta agus cuirtear i dtábhacht an chastacht a bhaineann le hionstraimí cistiúcháin éagsúla a ailíniú ina dhiaidh.

**Go straitéiseach, cuireann STEP breisluach Eorpach ar fáil trí acmhainní agus aird bheartais a dhíriú ar earnálacha agus ar thionscadail atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais amach anseo.** Cuireann STEP creat uile-Aontais ar fáil chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla a chur chun cinn, cé go léiríonn comhchruinniú réigiúnach thionscadail Shéala STEP i réimsí níos forbartha dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tionchar cuimsitheach.

**Deimhnítear ábharthacht STEP leis an gclár oibre polaitiúil atá ag teacht chun cinn**. Léirítear le tionscnaimh ón gCoimisiún faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[22] agus faoin gCompás Iomaíochais[23] comhdhearcadh leathan maidir leis an ngá atá le tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha trí infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe comhordaithe. Leis an leathnú atá beartaithe ar raon feidhme STEP chun earnáil na cosanta a chumhdach[24], deimhnítear an acmhainneacht atá aici faoin CAI reatha.

## 3. Leanfaidh STEP de chinntí maidir le maoiniú ón Aontas a chur i gcrích agus a threorú amach anseo

**Cé go bhfuil STEP fós ag céimniú isteach, tá STEP ag dul sa treo ceart chun a chuspóirí a bhaint amach.** Léirigh an t-ardán na buntáistí a bhaineann le comhordú méadaithe clár cistiúcháin bunaithe ar shraith spriocdhírithe cuspóirí beartais. Tá Tairseach STEP in áit rathúil mar thionscnamh píolótach lena dtugtar deiseanna cistiúcháin agus infheistíochta atá ábhartha do STEP isteach in aon phointe iontrála amháin do pháirtithe leasmhara ábhartha.

D'ainneoin na n-éachtaí sin, cuirtear i bhfios go láidir sa mheastóireacht go bhfeidhmíonn STEP laistigh de theorainneacha tírdhreach cistiúcháin atá casta docht, agus béim á leagan ar an ngá atá le comhordú leanúnach chun an tosaíocht straitéiseach a bhfuil gá léi a éascú amach anseo.

**Ag féachaint chun cinn, leanann gníomhaíochtaí cur chun feidhme STEP de bheith ag dul chun cinn ar lánluas.** Faoi mhí an Mhárta 2025, bhí tuilleadh leasuithe ar an gclár beartais comhtháthaithe a bhaineann le STEP curtha isteach ó gach cearn den Aontas. Beidh a nglacadh agus a gcur chun feidhme ina bpríomhfhócas sa chéim nua seo. Leanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún de ghlaonna ar thograí a sheoladh agus de chistiú a dhámhachtain ar thionscadail atá ábhartha do STEP. Leis an méadú atá ag teacht ar líon na Séalaí STEP arna ndámhachtain ag an gCoimisiún, mar aon le hacmhainní airgeadais méadaithe atá curtha in áirithe chun críocha STEP ar an leibhéal náisiúnta, cuirtear plean tionscadal ardcháilíochta ar fáil d'infheisteoirí. Chun uaillmhianta STEP a bhaint amach faoi dheireadh an CAI reatha in 2027, **beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha agus tiomantas leanúnach ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún araon.** Chuige sin, leanfaidh an Coimisiún d'fhéachaint ar bhealaí chun cabhrú leis na Ballstáit STEP a chur chun feidhme agus comhlántachtaí i measc ionstraimí cistiúcháin an Aontais a fheabhsú.

---

[22] Féach COM(2025) 85 final.

[23] Féach COM(2025) 30 final.

[24] Togra le haghaidh rialachán lena ndreasaítear infheistíochtaí a bhaineann le cosaint i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme, COM(2025) 188 final.

**Sa dara céim sin den chur chun feidhme, d'fhéadfadh STEP tairbhe a bhaint as raon feidhme níos leithne agus as dreasachtaí méadaithe.** I mí Aibreáin 2025, mhol an Coimisiún an ceathrú hearnáil a thabhairt isteach faoi STEP — is é sin earnáil na cosanta — agus na dreasachtaí airgeadais atá ar fáil faoi STEP don bheartas comhtháthaithe a leathnú. Tugadh isteach na gnéithe nua sin sa togra le haghaidh rialachán lena ndreasaítear infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint i mbuiséad an Aontais[25] agus sa togra le haghaidh rialacháin i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcomhtháthú[26]. Tá na téacsanna á gcaibidliú faoi láthair idir institiúidí an Aontais.

Ag an gcéim seo, **níl tuilleadh leasuithe ar fheidhmiú STEP beartaithe** — i bhfianaise freisin an t-am cur chun feidhme a bheadh ag teastáil chun go rachadh na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi ionstraim shealadach in éag ag deireadh an CAI reatha (deireadh 2027). **Mar sin féin, d'fhéadfadh go leor de na ceachtanna a foghlaimíodh ó STEP agus na teorainneacha a bhaineann leis maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana bonn eolais a chur faoi dhearadh CAI a bheidh ann amach anseo, mar a beartaíodh i Rialachán STEP, go háirithe maidir le dearadh an chistithe ón Aontas a bheidh ann amach anseo don iomaíochas agus don chóineasú eacnamaíoch.** D'fhéadfadh cuid de phríomhchuspóirí STEP — amhail comhordú agus comhtháthú neartaithe ar fud ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus rochtain shimplithe ar chistiú do thairbhithe a bhfuil rialacha níos simplí agus pointe iontrála aonair acu — dearadh na gcéad ionstraimí CAI eile a spreagadh.

[25] Féach EUR-Lex - 52025PC0188 - GA - EUR-Lex.

[26] Féach Inforegio — Beartas comhtháthaithe nuachóirithe:An t-athbhreithniú meántéarma.